Ar chúla téarmaí sa teilifís

Is áit oibre fíor-spreagúil le hoibriú ann é bheith ar chúla téarmaí i stáisiún teilifíse. Soláthraíonn Teilifís RTÉ meán do raon leathan aschuir feadh chúrsaí ealaíon, drámaíochta, oideachais, siamsaíochta, fíorasach, stíl mhaireachtála, ceoil, nuachta agus cúrsaí reatha, reiligiúin, spóirt agus cláir do dhaoine óga.

Cineálacha Clár

Déantar roinnt de na cláir a léirítear in Éirinn de chuid RTÉ in RTÉ féin, agus déantar roinnt eile a choimisiúnú ón earnáil léirithe neamhspleách. Tarchuirtear cláir bheo nó bíonn siad réamhthaifeadta, is é an príomhdhifríocht ná gur féidir eagarthóireacht a dhéanamh ar chláir réamhthaifeadta ach nach mbíonn an dara deis ann botún a cheartú nuair a thosaíonn an ceamara ag taifeadadadh ar chlár atá beo.

Próiseas Léirithe

Téann formhór na gclár tríd na trí chéim seo a leanas sula bhfeictear ar an scáileán iad: réamhléiriú; leagan amach agus cleachtadh teicniúil; agus réamhléiriú feistithe iomlán. Bíonn céim bhreise i gceist le cláir réamhthaifeadta ar a dtugtar iarléiriú.

Réamhléiriú

Déantar roinnt cinntí tábhachtachta ag an gcéim seo: cad a theastaíonn ón gclár a bhaint amach, cá fhad a bheidh an clár, cén leagan amach a bheidh ar an gclár agus an líon daoine a bheidh ag teastáil chun an clár a dhéanamh. Leithdháiltear buiséad agus roghnaíonn an léiritheoir mar aon leis an gcuid eile den fhoireann na hacmhainní a bheidh ag teastáil ó thaobh stiúideonna, ceamaraí, soilse, dearadh agus grafaicí, cultacha agus fearais agus tascanna riaracháin mar chead cóipcheart, agus is éard a bhíonn i gceist cead a fháil ó fhoinsí seachtracha chun a n-ábhar a úsáid.

Leagan Amach agus Cleachtadh Teicniúil

Ag an bpointe seo, tógann an Siopa Cearpantóireachta an seit go fisiciúil agus suiteálann an Roinn Stáitsithe é. Cuirtear an chéad phlean soilse i bhfeidhm agus daingnítear aon fhearais. Scríobhann an léiritheoir script theicniúil mhionsonraithe a leagan amach cad go díreach a theastaíonn uaidh/uaithi ó thaobh suíomh na gceamaraí, na soilse, cad ba chóir don láithreoir a dhéanamh agus cad ba chóir a bheith le cloisteáil i gcás gach aon seat ar leith. Leagann an criú fuaime amach an stiúideo go hiomlán agus déantar an meascadh fuaime ar urlár an stiúideo le go mbeidh na healaíontóirí agus an lucht éisteachta ábalta gach ní a chloisteáil.

Réamhléiriú Feistithe

Maidir le cláir réamhthaifeadta, tugann an réamhléiriú feistithe deis don fhoireann léirithe rith tríd an gclár “mar a bheadh sé beo”. Déantar go leor cláir réamhthaifeadta ar an tslí sin, i.e. in aon téic iomlán amháin, agus féadfar aon bhotúin a dhéantar nó aon seiteanna ceamara nach bhfuil an léiritheoir sásta leo a thaifeadadh arís ag an deireadh. Mar gheall go bhfuil am sa stiúideo an-daor agus go mbíonn sprioc-amanna le comhlíonadh, leithdháiltear bloc ama agus ní mór gach ní a dhéanamh laistigh den tréimhse ama sin. D’fhéadfaí, mar shampla, seachtain iomlán de chlár lae gearr a thaifeadadh in aon lá amháin. Leanann an cleachtadh ar aghaidh go dtí go mbeidh gach duine a bhíonn rannpháirteach sa léiriú sásta leis an léiriú. Bíonn go leor gníomhaíochtaí ar siúl i rith an réamhléirithe feistithe agus cé go mbíonn a jab féin le déanamh ag gach aon duine, tá obair fhoirne riachtanach le go n-éireoidh leis an léiriú.

An Fhoireann Léirithe

Is é/í an **Bainisteoir Urláir** a ritheann an clár ag leibhéal an stiúideo agus a chinntíonn go bhfuil na healaíontóirí ina seasamh thart agus go bhfuil na seomraí feistis oiriúnach. Braitheann rith gan tuisle an tseó ar na scileanna atá aici/aige ag cumarsáid leis an bhfoireann, leis na hoirfidigh agus leis an lucht éisteachta. Tá an bainisteoir urláir freagrach as coinníollacha sábháilteachta sa stiúideo freisin.

Rialaíonn an **Stiúrthóir Soilse** an méid solais a théann isteach sa cheamara le go mbeidh an méid ceart codarsnachta san íomhá a chraoltar. Má bhíonn duine éigin ag caitheamh léine fíor-gheal ní mór an ceamara a athrú nuair a iompaíonn sé go dtí duine éigin atá ag caitheamh léine dhorcha. Bíonn tionchar tábhachtach ag an tslí a n-úsáidtear soilse ar an gclár, cuirtear an chuma ar chlár ilsiamsa go mbíonn sé níos spleodraí, nó cruthaítear atmaisféar níos smachtaithe do chlár cúrsaí reatha.

Cinntíonn an **Maoirseoir Fuaime** go mbíonn an fhuaim a chraoltar foirfe. Déanann sé/sí an t-aschur as na micreafóin éagsúla ar fud an stiúideo a chothromú chun é sin a chomhlíonadh. Meascann sé/sí na fuaimeanna go léir le chéile go dtí go mbeidh siad sásta. Sin é an fáth a dtugtar an deasc measctha ar dheasc an mhaoirseora fuaime go minic.

Is iad na **Oibreoirí Ceamara** na daoine atá freagrach as na híomhánna den chaighdeán is fearr a fháil as stiúideonna. Is jab sciliúil é agus tá tábhacht ar leith leis i réimsí mar shiamsaíocht, dhrámaíocht agus spórt.

Bíonn an **Láithreoir** rannpháirteach de ghnáth i dtaighde an tseó mar má bhíonn siad ar an eolas bíonn a ngníomhaíochtaí os comhair ceamara i bhfad níos gairmiúla. Má bhíonn níos mó ná aon láithreoir amháin i gceist, tá sé ríthábhachtach go réiteodh siad go maith lena chéile agus go mbeadh sé sin le sonrú ar an scáileán. Tá an-tábhacht le híomhá mar go mbraitheann móréileamh an chláir ar chomh maith agus a léirítear pearsantacht an láithreora ar an scáileán.

Breathnaíonn an **Smideoir** i ndiaidh gach duine a bhíonn ag obair os comhair ceamara a mbíonn orthu smideadh a chaitheamh faoi shoilse láidre. Beidh ar an smideoir freisin, mar shampla, duine éigin a dhéanamh ‘níos sine’ nó ‘níos óige’ ná atá siad agus ní mór dóibh eolas beacht a bheith acu ar stíleanna thréimhsí éagsúla, lena n-áirítear peiriúicí.

Díreoidh an **Roinn Feistis** ar an láithreoir, agus rachaidh siad i gcomhairle leis an léiritheoir i ndáil le cad a bheidh daoine a chaitheamh ar an oíche. Oibreoidh siad in éineacht leis na dearthóirí seite agus soilse. Tá eolas maith ag an bhfoireann feistis freisin ar éide thréimhsí éagsúla mar aon le stíleanna comhaimseartha.

Bíonn sraith seomraí rialaithe ag féachaint anuas ar an stiúideo. Suíonn an léiritheoir, an stiúrthóir, an measctóir físe, an comhordaitheoir craolacháin, agus oibreoir na dteideal sa seomra rialaithe léirithe, agus is é sin lárionad an oibriúcháin.

Is é/í an **Léiritheoir** atá freagrach go hiomlán as an gclár. Suíonn sé/sí ag féachaint ar go leor scáileáin teilifíse sa bhosca léirithe, agus soláthraíonn gach aon ceann pictiúir éagsúil faoin méid atá ag tarlú. Fanann sé/sí i dteagmháil le gach duine ar urlár an stiúideo via micreafóin sa bhosca léirithe agus trí chluasáin a chaitheann an bainisteoir urláir, na hoibreoirí ceamara agus fuaime agus an fhoireann soilse. .

Rialaíonn an **Stiúrthóir** gnéithe físe an tarchuir, agus oibríonn sé/sí go dlúth leis an léiritheoir chun na seiteanna ceamara is éifeachtaí a roghnú le dul ar aer.

Measctóir Físe, Rialaíonn an Measctóir Físe, faoi stiúir an léiritheora na seatanna ó na ceamaraí éagsúla a dhéanfar a thaifeadadh ar an máistirthéip, cá huair go díreach a dhéanfar an gearradh ó cheamara amháin go ceamara eile agus an tráth a dhéantar píosa réamhthaifeadta a chur isteach. Éistíonn an measctóir físe leis an stiúrthóir freisin a bheidh ag glaoch na seatanna ceamara agus is é/í a oibríonn an deasc rialaithe físe a roghnaíonn na seatanna sin lena dtarchur.

Is é/í an **Comhordaitheoir Craolacháin** (BCO) éascaitheoir an ghrúpa. Cinntíonn an BCO go bhfuil eolas cruinn ag gach duine agus go mbeidh siad ar an eolas maidir le haon athruithe ar an script. Bíonn clár ama beacht le gach cuid den seó agus is é/í an BCO a bhíonn freagrach as a chinntiú go gcloítear leis an script. Breathnaíonn sé/sí amach do riaradh an taifeadta céim ar chéim, “ag comhaireamh isteach” gach roinn aonair den chlár le go bhféadfar ciúnna a thógáil ag an am ceart.

Áirítear ar an bhfoireann tacaíochta do na limistéir rialaithe, oibreoir na dteideal, a sholáthraíonn teidil an chláir don mheascthóir físe; *dearthóir grafaicí*, agus uaireanta ‘*teachtaire*’ a dhéanann gach uile ní ó bheith ag fáil caife go dtí a bheith ag seachadadh téipeanna ar fud an stáisiúin.

Iarléiriú

Is í seo an chéim eagarthóireachta. Bíonn an teicneolaíocht a bhítear a úsáid d'eagarthóireacht don teilifís ag athrú go seasta agus a bhuíochas don aois dhigiteach tá an próiseas níos éasca anois agus ag an am céanna tá an próiseas níos cruinne agus níos solúbtha. Is é/í an stiúrthóir a chinneann cad a fhágtar ann agus cad a ghearrtar amach sa seomra eagarthóireachta. Is í sin an chéim freisin ina gcuireann foireann fotheidealaithe RTÉ fotheidil ar na cláir réamhthaifeadta.

Nuair a bhíonn an próiseas eagarthóireachta críochnaithe, téann an táirge críochnaithe chuig Stiúrthóirí Láithreachais RTÉ atá freagrach as cláir RTÉ a chur ar an aer. Déantar cláir a tharchur ó na Stiúideonna Láithreachais go dtí príomhtharchuradóir RTÉ. Faightear ansin ar theilifíseáin iad ar fud na tíre agus, trí theicneolaíocht satailíte, ar fud an domhain. Stórálann Roinn Leabharlanna agus Cartlanna RTÉ cóipeanna de gach clár a chraolann RTÉ lena n-úsáid amach anseo.